

msletb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
*Mayo, Sligo and Leitrim*
*Education and Training Board*

# Ráiteas Straitéise

2023-2027

DEISEANNA DON SAOL

# Seirbhísí BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma






# Clár an Ábhair


1. Réamhrá ó Chathaoirleach BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma 02
2. Réamhrá leis an bPríomhfheidhmeannach 05
3. Próifíl BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma 06
   Láithreacha BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma 08
4. Próiseas Comhairliúcháin Forbartha Straitéise 11
5. Prionsabail Threoracha 12
   Cearta Daonna agus Comhionnanas Dualgas Seirbhíse Poiblí 14
6. Tosaíochtaí Straitéiseacha, Aidhmeanna agus Spriocanna 16
   1. Múinteoireacht agus Foghlaim 18
   2. Forbairt agus Nuálaíocht 20
   3. Timpeallacht Foghlama agus Cumasúcháin Digiteach 22
   4. Cumarsáid agus Rannpháirtíocht 24
   5. Cultúr agus Eagrúcháin 26
7. Monatóireacht agus Cur i bhFeidhm 28
8. Sonraí Teagmhála 29




1

# Réamhrá



**Réamhrá le Cathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma, an Comhairleoir Mary Bohan**

Is mór an pléisiúr dom Ráiteas Straitéise 2023-2027 de chuid Bórd Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma a fhógairt daoibh inniu. Is é seo an dara ráiteas straitéise de chuid BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma a leagan amach ár mbunluachanna, misean agus spriocanna straitéiseacha. Tá an ráiteas seo treoraithe ag an traidisiún seanbhunaithe nuálaíochta agus aireachais i dtaobh riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus riachtanais na bpobal ar fud chontaetha Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma. Creidim go múnlóidh an straitéis seo agus go dtabhairfidh sé treoir dár n-eagraíocht agus muid ag leanúint ar aghaidh ag soláthair oideachais agus seirbhísí oiliúna nuálaíocha agus ar ardchaighdeán.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na baill eile go léir de Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma, le gach ball foirne BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma agus leis na páirtithe leasmhara go léir atá tar éis cur le forbairt na straitéise seo agus guím gach rath orthu agus muid ag obair le chéile le tacú le daoine cónaí agus obair san Iarthair.

“

Tá an ráiteas seo treoraithe ag an traidisiún seanbhunaithe nuálaíochta agus aireachais i dtaobh riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus riachtanais na bpobal ar fud chontaetha Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma.













# Réamhrá



**Réamhrá le Príomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma, Tom Grady**

Is é seo an dara ráiteas straitéise de chuid BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma a leagan amach an treoir straitéiseach dár n-eagraíocht go ceann cúig bliana. Forbraíodh an Ráiteas Straitéiseach seo i ndiaidh próiseas leathan comhairliúcháin agus cuireadh san áireamh beartais, straitéisí agus dlíthe ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach.

Thángthas ar chomhaontú dá bharr an phróiseas comhairliúcháin seo mar gheall ar mhisean, bunluachanna agus prionsabail threoracha BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma ó 2023 go 2027. Tá sé de rún agam, le tacaíocht ó fhoireann BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma agus ó na pháirtithe leasmhara, i gcomhpháirt leis an mBord, cinntiú go gcuirfear an straitéis seo i bhfeidhm sna cúig bhliain atá amach romhainn.

Cinnteoidh ár dtrí réimse eagrúcháin; (i) Breisoideachas agus Oiliúnt, (ii) Tacaíocht Eagrúcháin agus Forbartha agus (iii) Scoileanna go mbainfear spriocanna na straitéise amach. Cuirfear i bhfeidhm é i ngach scoil, ionad, oifig agus seirbhís a sholáthraíonn muid dár gcliaint, agus cinnteoidh muid go mbeidh na prionsabail threoracha agus na spriocanna atá againn lárnach i gcur i bhfeidhm an phlean le linn na tréimhse sin.

Táim muiníneach gur féidir linn, le tacaíocht ón bhfoireann go léir BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma, teacht níos faide fós chun cinn chun ár ráiteas misin a chomhlíonadh agus le deiseanna a thabhairt dár bpobail feabhas a chur ar a gcuid bhfoghlama, agus ar a gcuid saolta.

Leanfaimid ar aghaidh le soláthair ár seirbhísí de réir rialachais láidir corparáideach agus de réir riachtanas an rialtais agus na státseirbhíse. Tá sé i gceist againn leanúint ar aghaidh a bheith nuálaíoch agus beo-intinneach, agus leanúint ar aghaidh lenár gcur chuige ionchuimsitheach ina bhfuil an foghlaimeoir lárnach dár gcuid oibre.

Gabhaim buíochas le gach uile duine a chuir le forbairt ár ráitis straitéisigh. Is mór againn bhur rannpháirtíocht agus cinnteoidh an rannpháirtíocht céanna go mbeidh BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma ábalta freastal ar riachtanais ár réigiúin lenár soláthair seirbhísí Oideachais agus Oiliúna dár bpobail.

3

# Próifíl BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma de réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus tá sé ar cheann den 16 Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) go náisiúnta in Éirinn. Soláthraíonn BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma oideachas agus oiliúnt do na mílte foghlaimeoirí ar fud an trí chontae trína Ionaid Breisoideachais agus Oiliúna agus trína Scoileanna. Tá ceannoifig BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma lonnaithe i gCaisleán an Bharraigh, i gContae Mhaigh Eo, agus tá oifigí feidhmiúcháin i mbaile Shligigh agus i gCora Droma Rúisc, i gContae Liatroma. Tá BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma faoi bhainistiú faoi trí shtiúrthóireacht faoi láthair– Breisoideachas agus Oiliúnt, Tacaíocht Eagrúcháin agus Forbairt agus Scoileanna.

### Breisoideachas agus Oiliúnt (FET)

Trí FET, soláthraíonn BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma réimse leathan roghanna Foghlaim ar feadh an tSaol agus Oiliúna do ghach duine thar aois 16. Is é atá i gceist le FET ná Printiseachtaí, Treimhsí Oiliúna, Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta, Oideachas agus Oiliúnt Phobail, Ógtheagmháil agus Oideachas do Dhaoine Fásta, chomh maith le seirbhísí lárnacha litearthachta agus uimhearthachta. Tá FET ann do ghach éinne ar mhaith leo rud éigin nua a fhoghlaim, nó feabhas a chur ar scileanna atá acu cheana sa chóras breisoideachais, agus do dhaoine ar mhaith leo tacú lena spriocanna pearsanta a bhaint amach, ar nós dul isteach san ardoideachas nó spriocanna bainteach le cúrsaí fostaíochta. Cuireann BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma réimse cuimsitheach seirbhísí threoracha do dhaoine fásta, seisiúin phearsanta duine le duine san áireamh.

Tá BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma ina cheannródaí i measc na mBOO i bhforbairt na gclár nua le scileanna an todhchaí a fhorbairt, agus tá forbairtí printíseachta ceannródaíocha á dhéanamh acu chomh maith. Cuireann BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma an clár Music Generation le fáil chomh maith, is clár náisiúnta comhpháirtíochta é seo a dhéanann iarracht daoine óga a spreagadh agus inspioráid a thabhairt dóibh trí mheán an cheoil.

Tá Aonad nuálaíoch, forásach Seirbhísí Óige ag an mBOO chomh maith atá de shíor ag fás. Tacaíonn an t-aonad seo le soláthair, comhordú, riarachán agus measúnú ar sheirbhísí Oibre Óige sna ceantair ina bhfuil siad ag feidhmiú ar fud an trí chontae.





### Eagrúchán, Tacaíocht agus Forbairt (ETF)

Is iad cúraim an EFT ná tograí eagrúcháin agus straitéiseacha a chur chun cinn, cosúil le struchtúir, polasaíthe, córais, agus idirghabhálacha a chuireann le cumas BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach agus chun dea-chleachtas a chinntiú i rialachas corparáideach BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma.

Tacaíonn an fhoireann ETF le Breisoideachas agus le Scoileanna chomh maith leis an mBord agus an príomhfheidhmeannach, i réimsí an Airgeadais, Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha. Tá Cosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise, Bainistíocht Estáit, Caipiteal agus Soláthar, Caidrimh na bhFostaithe, Seirbhísí Airgeadais, Sláinte agus Slándáil agus Bainistíocht Rioscaí faoi chúram an EFT.

Cuireann an stiúrthóireacht seo dea-chleachtas i bhfeidhm i soláthar seirbhísí agus tá dul chun cinn ó thaobh na héifeachtachta de déanta acu i réimsí cosúil le Bainistíocht Airgeadais, Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide agus Soláthar. Tá sé mar aidhm ag an EFT cur chuige nuálaíoch, freagrúil agus solúbtha a bheith acu ina gcuid gnó. Oibríonn sé go dlúth leis na Ranna Rialtais, leis na maoinitheoirí go léir, agus leis na páirtithe leasmhara go léir lena seirbhísí a chur i bhfeidhm agus le feabhas a chur orthu ar mhaithe le gach scoláire, foghlaimeoir, ball foirne agus lenár bpobal trí chéile.

### Scoileanna

Tá BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma mar phátrún ar 17 Iarbhunscoil, Gaelcholáiste amháin san áireamh, agus is comhphátrún é ar 6 Phobalscoil agus ar Scoil amháin Chuimsitheach. Tá ocht scoil aige i Maigh Eo, cúig cinn i Sligeach agus ceithre cinn i gcontae Liatroma.

Is scoileanna stáit, measctha agus ilsainchreidmheacha iad scoileanna an BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma atá na bunluachanna céanna acu go léir; Ardchaighdeán Oideachais, Bá, Comhionnanas, Pobal agus Meas.

Tá sé mar sprioc ag Scoileanna BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma taithí oideachais ar an gcaighdeán is airde a sholáthar dár bhfoghlaimeoirí de réir Creat Cáilíochta na Roinne Oideachais 'Ag breathnú ar an Scoil Againne'. Cuireann scoileanna BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma curaclam cuimsitheach agus nuálaíoch ar fáil a chabhraíonn le foghlaimeoirí barr a gcumais a bhaint amach.

Ullmhaíonn BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma foghlaimeoirí do ard/breisoideachas nó le dul ag obair go díreach i ndiaidh dóibh críochnú. Tá réimse iomlán ábhar ar fáil ag leibhéil sóisearach agus sinsireach. Cuireann Scoileanna BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma cláir sainspéise ar fáil chomh maith m.s. Clár Scoile na Sraithe Sóisearaí, An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, Gairmchlár na hArdteistiméireachta, agus an Idirbhliain.

# Suíomhanna BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma




| | | |
|---|---|---|
| **16,724** FOGHLAIMEOIR | **1,554** BALL FOIRNE | **1,968** CÚRSA FET |
| **17** Iarbhunscoileanna | **12** Príomhionaid Breisoideachais agus Oiliúna | **9** Tograí Áitiúla Oiliúna |
| **8** • 5 X Coláistí do Chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta • Coláiste FET Mhaigh Eo ◦ 3 x Campas FET | **5** Ionaid Ógtheagmhála | **5** Ionaid Sainoiliúna |
| **3** Cláir Music Generation | **2** Ionaid Oiliúna Pobail | **2** Ionaid Oiliúna Réigiúnacha |







4







# Próiseas Comhairliúcháin Forbartha Straitéise

Agus muid i mbun forbartha na straitéise don tréimhse 2023 go 2027, forbraíodh próiseas comhairliúcháin chuimsitheach (le agallaimh, ceardlanna, suirbhéanna, agus aighneachtaí) le peirspictíochtaí, taithí agus moltaí na bpáirtithe leasmhara go léir a thabhairt san áireamh.

I measc na bpáirtithe leasmhara, bhí:

- Coiste Stiúrtha Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
- Foghlaimeoirí
- Tuismitheoirí na nDaltaí
- Baill Foirne
- Daltaí
- Príomhfheidhmeannach na n-Údarás
- Fostóirí
- Státseirbhísigh Sinsearacha
- Solas
- Big Red Barn
- Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh
- Mellette Electrical
- Comhairlí Chontae Áitiúla
- Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
- Óstán Westport Woods
- Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh
- BOO na hÉireann
- QQI
- Rehab
- Seirbhísí Tógála King & Moffat
- Roinn Oideachais

5

# Prionsabail Threoracha

De réir luachanna Bord Oideachais agus Oiliúna na hÉireann maidir le ardchaighdeán, le bá, comhionannas, tábhacht an phobail agus meas. Forbraíodh misean BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma, a fhís agus a luachanna le tacú leis na páirtithe leasmhara go léir ar fud an réigiúin agus le aitheantas a thabhairt do na riachtanais éagsúla atá acu go léir.

## Fís

A bheith ina BOO nuálaíoch agus bríomhar a chuireann taithí dhearfach agus ionchuimsitheach ar fáil dár bhfoghlaimeoirí ar fad, laistigh de thimpeallacht oideachais agus oiliúna atá phroifisiúnta, lách agus chomhoibríoch

## Misean


Deiseanna a sholáthar dár bpobail le cur lena saolta, agus lena bhfoghlaim







# Luachanna



# Cearta Daonna agus Comhionannas, Dualgas na Státseirbhíse

Leagtar síos in Alt 42 de *Acht um Choimsiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionnanas 2014* go bhfuil dualgas dearfach ar na comhlachtaí stáit a bheith aireach mar gheall ar an riachtanas atá ann deireadh a chur leis an leithcheal, agus comhionnanas a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne a chosaint agus cearta na ndaoine atá seirbhísí á fháil acu.

De réir ár luachanna agus de réir ar bhfealsúnachta, táimid tiománta do chur chun cinn an chomhionnanais agus cearta an duine i ngach gné dár gcuid oibre. Cuirtear gach páirtí leasmhara san áireamh leis sin, chomh maith gan dabht lenár bhfoireann, lenár bhfoghlaimeoirí, agus an timpeallacht oibre ina bhfeidhmíonn muid. Leanfaimid ar aghaidh agus imeascadh, comhionnanas, oscailteacht, trédhearcacht agus ionchuimsitheacht á gcur chun cinn againn.

Agus muid ar ár ndícheall leis an ngealltanas seo a chur i gcrích, forbróimid a thabhairfidh san áireamh measúnacht nua ar chearta an duine agus ar chomhionannas ar fud BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma. Déanfaimid amach trí athbhreithniú a dhéanamh conas gur féidir tuilleadh feabhais a chur ar ghníomhaíochtaí, ar bheartais, ar chláir agus ar thograí. Úsáidfear torthaí an athbhreithnithe chun ár bplean gnímh a chur le chéile – leagfar amach an dul chun cinn a dhéanfar i gcomparáid leis an bplean inár dtuarascáil bhliantúil.

Forbraíodh misean BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma, a fhís agus a luachanna le tacú leis na páirtithe leasmhara go léir ar fud an réigiúin agus le aitheantas a thabhairt do na riachtanais éagsúla atá acu go léir.





6

# Spriocanna Straitéiseacha








# 01 Múinteoireacht agus Foghlaim

**SPRIOC**

A bheith ar thóir feabhais leanúnaigh, ag cinntiú go gcuirfear cúrsaí ábhartha/dírithe ar fáil chomh maith le ardléibhéal proifisiúntachta, sármhaitheasa agus rochtana sa phróiseas múinteoireachta agus foghlama.

## Spriocanna

1.1 Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh agus na cúrsaí/cláir atá ar fáil, an struchtúr agus an t-ábhar a uasdátú le haiseolas, tosaíochtaí[1] agus riachtanais na bpáirtithe leasmhara a chur i bhfeidhm

1.2 Cinntiú go bhfuil forbairt proifisiúnta leanúnach (CPD)/dea-chleachtas á: (i) roinnt go gníomhach, ar fud BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma agus (ii) á thabhairt isteach i ngach gné den phróiseas múinteoireachta, foghlama agus i ndearradh na gcúrsa/na gclár

1.3 Féidearthacht a scrúdú agus foghlaim phraicticiúil a spreagadh [2] ag leibhéal iarbhunscoile, trí mhodúil ábhartha a rith ar bhonn píolótach mar chúrsaí sa tsraith ardteistiméireachta

1.4 Forbairt proifisiúnta leanúnach a dhéanamh foirmeálta trí sholáthair oiliúna inrochtana agus tacaíochtaí forbartha gairme

1.5 BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma a bheith ina 'chéad rogha' mar sholáthróir oideachais agus oiliúna don dara leibhéal, do chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta, do phrintíseachtaí agus do chúrsaí do dhaoine fásta tríd a bheith sa tóir ar an sármhaitheas, agus trí riachtanais na bpáirtithe leasmhara a shásamh

1.6 Iarracht a dhéanamh freastal ar níos mó daoine ná riamh agus comhoibriú le eagraíochtaí eile atá ag feidhmiú i réimsí rannphartaíochta pobail[3], breisoideachais agus oiliúna

1.7 Ár dtairiscintí oiliúna agus breisoideachais a fhorbairt go leanúnach de réir na nuálaíochta agus freastal ar riachtanais deifnídithe agus iad ag teacht chun cinn







1.8 Tairiscintí BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma a fhorbairt agus a imeascadh ar mhaithe le:
- Freastal ar riachtanais scileanna a aithnítear go córasach agus iad ag teacht chun cinn
- Bealaí a fhorbairt agus a dheifnídiú go soléir d'fhoghlaimeoirí
- Tacú le speisialú/forbairt sainscileanna tríd ionaid barr feabhais oideachais a bhunú, i.e. de réir mar is gá

1.9 Tairiscintí cúrsaí/cláir a chuíchóiriú ar mhaithe le soléireacht[4], éifeachtacht agus luach a fháil ar airgead, agus fáil réidh le dúbláil gan ghá, nó cúrsaí/cláir a thagann salach ar a chéile

1.10 Dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí atá i mbaol a bheith faoi mhíbhuntáiste oideachasúil nó le riachtanais breise/speisialta oideachasúla a spreagadh, trí thacaíochtaí ábhartha a chur ar fáil agus a chur i bhfeidhm[5]

1.11 Ár dtairiscint le haghaidh Pobalscoileanna Náisiúnta (CNS) a fhorbairt agus a chur in iúl, agus súil againn an tairiscint seo a bhunú agus a chur ar fáil ar fud réigiúin BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma

1.12 Soláthar Gaeilge BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma a fhorbairt agusforbairt ár gclár idirbhliana, chomh maith le socruithe scoláireachta agus tograí den saghas a chur chun cinn

[1] Faoi mar a aithníodh inár bpróisis chomhairliúcháin le fostóirí, foghlaimeoirí, daoine a d'fhéadfadh a bheith ina bhfoghlaimeoirí linn amach anseo, tuismitheoirí, caomhnóirí, srl.
[2] M.s. altracht, innealtóireacht, srl.
[3] M.s. Páirtíochtaí LEADER, Coistí um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPÁnna), Rehab, srl.
[4] Ábhar agus roghanna– páirt- agus lánaimseartha san áireamh
[5] M.s. Mapáil ionchuimsitheach, oidí ionchuimsitheachta, cláir DEIS, oiliúnt oideachais speisialta, srl.

# 02 Forbairt agus Nuálaíocht

**SPRIOC**

Feabhas agus nuálaíocht a chur ar ár dtairiscintí, ionas gur féidir linn a bheith ag súil le agus freagairt ar riachtanais reatha agus iad atá ag teacht chun cinn

## Spriocanna

2.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcur chuige comhthiomsú eolais agus úsáid sonraí/léargais lenár dtairiscintí a fhorbairt, leis an bpróiseas cinniúna a fheabhsú agus le feabhas a chur ar ár gcórais oibre agus próisis

2.2 Leanúint ar aghaidh ag soláthar na múinteoireachta agus na foghlama ar an gcaighdeán is airde, agus ag tacú leis an soláthar sin trí phleanáil éifeachtach, athbhreithniú agus aiseolas[6] ar mhaithe le feabhas leanúnach a chur ar ár seirbhísí

2.3 Athbhreithniú, tagarmharcáil agus méadú a thabhairt ar ár gcur chuige i gcomhthéacs rannpháirtíochta na bhfostóirí[7] – ag cinntiú go dtugann an t-aiseolas treoir do na tairiscintí chúrsa/chláir agus go bhfreastlaítear ar na riachtanais a aithníodh

2.4 Plé le páirtithe leasmhara réigiúnacha le tacú le soláthair na dtograí[8] tríd na riachtanas a aithint agus freastal orthu le forbairt réiteach dírithe foghlama

2.5 Aonad Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí a bhunú agus a fhorbairt do mhic léinn FET, agus muid ag méadú na seirbhísí ábhartha a sholáthraítear do dhaltaí dara leibhéil

2.6 Leanúint orainn ag forbairt, ag ofráil agus ag rith cúrsaí, cláir agus printíseachtaí nuálaíocha, ar bhonn píolótach freisin, le freastal ar riachtanais aitheanta agus ar riachtanais atá ag teacht chun cinn

2.7 Athbhreithniú lár-sraithe a chur i gcrích maidir le ceachtanna atá foghlamtha agus mar gheall ar ár dtaithí le forbairt clár nuálaíocha, i.e. tacú lena bhunú mar chumas lárnach do BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma

[6] Ó fhoghlaimeoirí, ó phiaraí, ó bhainistíocht, ó pháirtithe leasmhara agus ó dhaoine eile
[7] Le rannpháirtíocht ghníomhach le grúpaí oibre ábhartha agus le fóraim scileanna/eacnamaíochta a chur san áireamh
[8] Go háitiúil agus go hidirnáisiúnta





# 03 Timpeallacht Foghlama agus Cumasúcháin Digiteach

**SPRIOC**

Cinntiú go bhfreastalaítear ar na riachtanais infreastruchtúir agus teicneolaíochta atá ann ar mhaithe le riachnais na foirne agus na bhfoghlaimeoirí a shásamh ar shlí atá éifeachtach

## Spriocanna


3.1 Príomhtháscairí feidhmíochta a fhorbairt agus monatóireacht agus tuairisceáil a dhéanamh orthu le bainistíocht tionscnaimh éifeachtach agus soláthar ár gcláir forbartha caipitil infreastruchtúrtha a chinntiú

3.2 Leanúint orainn ag tacú agus ag cabhrú le scoileanna ábhartha nach mbaineann leis an mBOO le soláthar a gcuid cláir forbartha infreastruchtúrtha, nuair a iarrann an Roinn Oideachais orainn sin a dhéanamh

3.3 Prótacáil a fhorbairt agus baic a réiteach ar mhaithe le barrfheabhsú úsáide áiseanna BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma agus acmhainní le haghaidh m.s. cúrsaí oíche, cláir phobail, mar mhoil, srl.







3.4 Cinntiú go ndéantar cinntí maidir le pleanáil achmhainní, úasgrádú na n-áiseanna, léasú, soláthar agus cinntí infheistíochta den saghas sin de réir na hinbhunaitheachta agus de réir prionsabail an chláir ghlas

3.5 Feachtas feasachta ar fud na heagraíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le cultúr inbhunaitheachta a chur chun cinn maidir le úsáid ábhar, fuinnimh, agus tomhaltáin

3.6 Riachtanais maidir le crua-earraí, bogearraí agus oiliúnt a aithint agus freastal orthu[9] le cinntiú gur féidir glacadh le foghlaim ríomhchuidithe (TEL) agus le réitigh nuálaíocha den saghas ar fud BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma

3.7 Teicneolaíocht a úsáid le cinntiú go bhfuil fáil ar chianfhoghlaim, ar chur chuige cumaiscthe, agus ar réitigh TEL agus go bhfuil siad ag feidhmiú mar is ceart dóibh siúd atá i bhfostaíocht, lonnaithe go hiargúlta nó le teorainn rochtana

3.8 Cinntiú go bhfuil riachtanais riaracháin[10] cuíchóirithe agus go bhfuil réitigh TF i bhfeidhm/á úsáid i gceart le tacú le nuálaíocht, le héifeachtacht mheasta próiseas a chinntiú agus le hairgead a shábháil

[9] Do mhúinteoirí, theagascóirí, agus dóibh siúd le riachtanais speisialta
[10] Seirbhís Corparáideacha

# 04 Cumarsáid agus Rannpháirtíocht

**SPRIOC**

Rannpháirtíocht a dhíriú ar mhaithe le riachtanais foghlama a dhéanamh amach, agus le cinntiú go bhfuil tuiscint ar ár réitigh agus ar ár mbealaí go forleathan i measc na ngrúpaí is tábhachtaí dúinn

## Spriocanna

4.1 Straitéis imeasctha cumarsáide agus rannpháirtíochta a fhorbairt[11] le tuiscint ar ár dtairiscintí a bharrfheabhsú i measc na bpáirtithe leasmhara is lárnaí

4.2 Cinntiú go bhfuil leanúnachas san obair brandála, sa mhargaíocht agus sa chur chun cinn a dhéantar thairiscint luachanna BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma inár scoileanna, coláistí, ionaid agus gníomhaíochtaí feidhmeannacha/oifigí go léir

4.3 Athbhreithniú[12], forbairt agus cuíchóiriú a dhéanamh ar ár suíomh idirlíne le rochtain/soléireacht na dteachtaireachtaí agus soléireacht na ndeiseanna/mbealaí foghlama a chinntiú

4.4 Feabhas a chur ar an bhfor-rochtain agus ar an teagmháil/comhoibriú a dhéanaimid lenár gcomhpháirtíochtaí, leis na cuibhreannais, le comhlachtaí deonacha agus pobail le cur leis an tuiscint atá ann ar ár dtairiscintí i measc grúpaí ábhartha





4.5 Imscrúdú a dhéanamh ar réimsí gur féidir tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu agus cláir saincheaptha, tréimhsí tiománta oiliúna[13] agus printíseachtaí a chur ar fáil bunaithe ar ár gcomhoibriú le comhpháirtíochtaí, le cuibhreannais agus le comhlachtaí deonacha agus pobail

4.6 Seisiúin rannpháirtíochta/ Forbairt Proifisiúnta Leanúnach a chur ar bun agus a dhéanamh foirmeálta le comhairleoirí do dhaoine fásta agus sna scoileanna ionas gur féidir an tuiscint atá ag an bpobal ar ár mbealaí foghlama agus gairme a fheabhsú[14]

4.7 Feachtas a fhorbairt le cinntiú go leagtar béim ar bhealaí FET d'fhoghlaimeoirí agus do thuismitheoirí ag pointí tábhachtacha sa tsraith scoile/oideachais, agus do ghach éinne eile[15] gur féidir leo leas a bhaint as ár dtairiscintí

4.8 Oibriú le páirtithe leasmhaire lárnacha[16] le polasaí an Rialtais mar gheall ar oideachas triú leibhéil a chur i bhfeidhm agus comhoibrú ar thionscnaimh atá sa tóir ar straitéisí nascaithe atá ag teacht chun cinn

[11] Na meáin shóisialta agus digiteacha a thabhairt isteach
[12] Tagarmharcáil i gcomparáid le eagraíochtaí ábhartha den chineál céanna
[13] M.s. tréimhsí oiliúna/printíseachtaí 'tuill agus foghlaim'
[14] Ó chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta go printíseachtaí agus bealaí breis- agus ardoideachais
[15] Más i mbreisoideachas, i bhfostaíocht nó ag lorg oibre atá an duine, nó má tá siad ag macnamh ar dul ar ais isteach sa bhfórsa saothair
[16] Cuirtear Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh agus Ollscoil na Gaillimhe san áireamh anseo

# 05 Cultúr agus Eagrúcháin

**SPRIOC**

Cur le forbairt ar ár gcultúr, struchtúr agus eagrúchán le tacú le gach duine fás de réir a bpoitéinseal laistigh de thimpeallacht phroifisiúnta agus fhorásach foghlama

## Spriocanna

5.1 Cinntiú go gcuirtear ár luachanna chun cinn, go nglactar leo, agus go bhfuil siad le feiceáil ar fud BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma - ag tabhairt treorach dúinn maidir le iompar, gníomhartha, agus cinntí

5.2 Tacú le agus cur i gcrích ár ndualgas agus ár ngealltanas don togra College of the Future, trí rannpháirtíocht na foirne, na bhfoghlaimeoirí agus na bpáirtithe leasmhara eile chomh maith le glacadh le plean saincheaptha cur i bhfeidhm

5.3 Tabhairt faoi athbhreithnithe rialta ar struchtúr ár n-eagraíochta agus ar sholáthar foirne le riachtanais a aithint atá tábhachtach lenár sainordú agus ár spriocanna a bhaint amach agus le freastal ar na riachtanais céanna

5.4 Forbairt a dhéanamh ar agus cur i bhfeidhm 'Straitéis i leith Daoine' uasdátaithe ar mhaithe leis na baill foirne go léir a mhealladh chugainn, a choimeád, a fhorbairt, a spreagadh agus a imeascadh, agus muid ag barrfheabhsú ár bhfeidhmíochta agus ag tacú lenár gcultúr






5.5 Ceannaireacht agus forbairt foirne a chur chun cinn go gníomhach trí:
- Riachtanais ábhartha a aithint go córasach
- Tacaíochtaí oiliúna agus forbartha a sholáthar
- Dea-chleachtas a roinnt
- Bunú córas foirmeálta céim ar chéim maidir le dul chun cinn gairmiúil

5.6 Cur i bhfeidhm an chláir forbartha éitis i ngach scoil a chinntiú - leis na spriocanna atá againn d'fhoghlaimeoirí agus do thuismitheoirí a shroichint agus chun iad a shárú

5.7 Forbairt a dhéanamh agus dul sa tóir ar phlean feidhmiúcháin don eagraíocht ar fad ar mhaithe le córais gutha na ndaltaí a chur chun cinn agus ionas gur féidir linn freastal ar na riachtanais atá i dtús áite

5.8 Leanúint orainn ag tacú le baill nua dár bpobail agus freastal ar na riachtanais ar leith atá ag daoine atá stádas Cosanta Idirnáisiúnta (teifigh) acu

5.9 Cinntiú go gcloítear lenár bhfreagrachtaí rialachais, cosanta, dlíthiúla, cearta daonna, agus inbhunaitheachta trí chur i bhfeidhm creatlaí ráthaithe eifeachtach

# 7 Monatóireacht agus Feidhmiúchán

Beidh an Fhoireann Bainistíochta Feidhmeannaigh (FBF) freagrach as monatóireacht agus rath a mheas i gcomparáid leis na spriocanna thuas luaite, chomh maith le bheith freagracha as forbairt a dhéanamh ar na Príomhthaiscairí Feidhmíochta agus na sceidil soláthair. Déanfar an dul chun cinn a athbhreithniú i gcomparáid leis na Príomhtháscairí Feidhmíochta agus leis na sceidil soláthair ar bhonn ráithiúil agus soláthrófar uasdátaithe ábhartha do Choiste Stiúrtha BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma.







# 8 Sonraí Teagmhála


**PRÍOMHOIFIG MSLETB**
An Baile Nua
Caisleán An Bharraigh
Co. Mhaigh Eo
F23 DV78

**HEAD OFFICE MSLETB**
Newtown
Castlebar
Co. Mayo
F23 DV78

Uimhir Fóin +353 (0)94 902 4188
Facs +353 (0)94 902 4187
Rphost infomayo@msletb.ie

**FO-OIFIG MSLETB**
Sráid Na Cé
Sligeach
F91 XH96

**SUB-OFFICE MSLETB**
Quay Street
Sligo
F91 XH96

Uimhir Fóin +353 (0)71 91 94800
Facs +353 (0)71 91 44121
Rphost infosligo@msletb.ie

**FO-OIFIG MSLETB**
Ardán Sheoirse Naofa
Cora Droma Rúisc
Co. Liatroma
N41 W2X7

**SUB-OFFICE MSLETB**
St. George's Terrace
Carrick-on-Shannon
Co. Leitrim
N41 W2X7

Uimhir Fóin +353 (0)71 96 20024
Facs +353 (0)71 96 21362
Rphost infoleitrim@msletb.ie



msletb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma

*Mayo, Sligo and Leitrim*
*Education and Training Board*

www.msletb.ie